

An Réasúnaíocht taobh thiar de Mhataí Gramadaí, Beart Briathra agus Abair, Pléigh agus Scríobh

Is í príomhaidhm na n-áiseanna seo ná na cosúlachtaí idir teangacha a aithint agus a cheiliúradh agus ag an am céanna, na difríochtaí atá eatarthu a aithint. Díreach cosúil leis na dathanna a roghnaigh muid do na mataí, níl teorainn leis na féidearthachtaí foghlama.

Tháinig an áis seo ó fhoireann na Gaeilge i dtús ama – mar is í an Ghaeilge an chéad taithí atá ag formhór daltaí ar shealbhú an dara teanga. Ba bhreá linn go mbeadh scoláirí spreagtha le dul i ngleic leis an oiread teangacha ina saol agus is féidir, iasachtach, nua nó eile!

Mataí Gramadaí

Dearadh iad le húsáid le ceathrar dalta, beirt os comhair beirte (ag spreagadh obair ghrúpa). Sin an fáth go bhfuil na focail i dtreo urchomhaireach. Is féidir scríobh orthu le maircér.

Bundathanna – foinse gach datha eile.

Bunghnéithe teanga – Briathar,
Ainmfhocal, Aidiacht – túsphointe gach teanga.

DGG (dearg, glas, gorm) – féidearthachtaí gan teorainn agus bunghné datha gach ríomhaire/teilifíse/ scáileán fóin

Briathar, Ainmfhocal/ Aidiacht –féidearthachtaí gan teorainn agus bunghnéithe gach teanga.

An réasúnaíocht a bhaineann leis na dathanna bainteach le gach ceann de na bunghnéithe gramadaí:

Gorm (briathar) – an dath is coitianta ar domhain, idir an spéir agus na h-aigéin. Ní tharlaíonn aon rud gan an spéir nó na h-aigéin – ní tharlaíonn aon rud gan an Briathar.

Dearg (Ainmfhocal) – Bainteach de ghnáth le STAD! – STAD! Ar sheiceáil tú an bhfuil an t-ainmfhocal seo firinscneach nó baininscneach?

Glas (Aidiacht) – Is aidiacht í féin Glas. Bainteach chomh maith le “ar aghaidh leat”. Mar sin tá briathar agat, sheiceáil tú inscne an ainmfhocail, anois gabh ar aghaidh leis an aidiacht. I roinnt teangacha, tá tionchar ag inscne an ainmfhocail ar an aidiacht a thagann roimhe/ ina dhiaidh. Tá seo fíor i gcás na Gaeilge.

Is iad na trí dhath seo dathanna na bpeann a bhíonn ag na daltaí i gcoitinne. De réir mar a fhorbraíonn siad, b’fhéidir go mbeidh fonn ar dhalta líne a chur faoi fhocal i dtéacs éigin leis an bpeann/peann aibhsithe cuí.

Comhréir

Tá gach iarracht déanta againn gnéithe na teanga a bheith ar an mata gramadaí san ord ina mbíonn siad sa teanga sin. I nGaeilge mar shampla, ‘sí an chomhréir ná Briathar, Ainmfhocal, Aidiacht. Mar sin is é Gorm, Dearg, Glas an t-ord.

Athróidh sé seo ó theanga go teanga ach tá ár seacht ndícheall déanta againn!

Féidearthachtaí: Nuair a bhíonn daltaí eolach ar an bhfoclóir bainteach le topaic

áirithe, d'fhéadfadh an múinteoir cuid de na heochairfhocail a phriontáil agus a ghearradh amach.

1. Iarr ar na daltaí na heochairfhocail a chur ar an dath ceart ar an mata.
2. Iarr ar na daltaí abairt(í) a chumadh leis na focail sin.
3. An dtugann na daltaí faoi deara go dtosaíonn siad an abairt leis an bhfocal ón dath céanna i gcónaí? (is é seo gorm (briathar) i nGaeilge)
4. Anois, tá an abairt agat, an bhfuil sé ar do chumas aimsir an bhriathair a athrú? Téigh chuig an gcarn de bhriathra chun cuidiú a fháil.
5. Agus na mataí gramadaí in úsáid i ngach ceann dár ranganna teanga, b'fhéidir go dtabharfaidh na daltaí faoi deara go bhfuil ord na ndathanna éagsúil i ngach teanga agus go gcaithfear é sin a chur san áireamh nuair atá aistriúchán á dhéanamh. (Ní éiríonn le Google Translate i gcónaí)

Difreáil agus forbairt le haghaidh ranganna níos sinsearaí

1. Ag baint úsáide as giota téacs, an bhfuil sé ar chumas na ndaltaí na gnéithe gramadaí a phiocadh amach, na briathra etc. a scríobh ar post-it (dathanna éagsúla más maith leat!) agus iad a ghreamú den dath ceart ar an mata?
Is ag stróiceadh téacs óna chéile mar seo a dhíreoidh aird na ndaltaí ar an gcomhréir. Má tá briathar á lorg acu, mar shampla, oibreoidh siad amach go tapaidh cá háit ar chóir dó a bheith san abairt, ag cur lena dtuiscint agus ag méadú na tuisceana.
2. Cosúil le pointe 2 thuas, ag baint úsáide as maircér, b'fhéidir go mbeidh fonn ar na daltaí na focail faoin teideal a scríobh go díreach ar an mata.
3. Ag baint úsáide as giota téacs scríofa (léamhthuiscint etc.) an bhfuil sé ar chumas na ndaltaí líne a chur faoin bhfocal cuí leis an dath cuí (peann gorm, peann dearg, peann glas)?
D'fhéadfaí é seo a dhéanamh ar chaoi rothlach, go dtugtar gné áirithe gramadaí do gach grúpa chun í a aimsiú, líne a chur fuithi agus í a chur ar aghaidh. Má dhéantar an próiseas a athdhéanamh cuideoidh sé lena neadú. D'fhéadfadh an múinteoir na téarmaí is simplí/is soiléire a thabhairt do na daltaí is laige agus ag

an am céanna dúshlán a thabhairt dóibh siúd atá níos cumasaí.

Is féidir gach rud thuas a úsáid do na sraith pictiúr fosta.

Beart Briathra - Uimhearthacht – Patrúin bainteach leis na haimsirí éagsúla.

An bhfuil sé ar chumas an dalta an patrún a fheiceáil? An bhfuil sé ar chumas an dalta ansin teacht aníos leis an riail? Nuair a thugann daltaí patrúin faoi deara iad féin, tá seans níos fearr go gcuimhneoidh siad orthu agus ansin an patrún sin a aistriú go briathar eile (scil inaistrithe). Tabharfaidh siad faoi deara go bhfuil briathra éagsúla ann agus dá thoradh sin, patrúin éagsúla.

Tá aghaidh ghorm ar na cártaí briathair (an dath céanna gorm atá ar an mhata gramadaí) agus an bratach cuí ar gach taobh. Má shocraíonn an múinteoir na briathra a ghreamnú mar eochairfhocail den bhalla le blu-tac, beidh a fhios ag na daltaí ón dath gur briathra iad. I scoileanna a bhfuil bunranganna ag na daltaí agus go dtugann an múinteoir cuairt, d'fhéadfaí gach teanga a aithint le bratach.

Stáisiúin Gramadaí

B'fhéidir go mbeidh fonn ar mhúinteoirí "Stáisiúin Gramadaí" a dhéanamh sa seomra ranga. Is tagairt iontach iad na cártaí briathair do na daltaí. B'fhéidir go roghnódh múinteoirí eochairfhocail eile a phriontáil amach agus páipéar daite a úsáid le meaitseáil a dhéanamh leis na dathanna ar an mata Gramadaí.

Abair, Pléigh agus Scríobh (Cárta Scríbhneoireachta)

Ag tógáil ar choincheap na ndathanna agus ag forbairt tuiscint teanga, dearadh cárta chun freastal ar chomtháthú na 5 scil teanga (labhairt, éisteacht, léamh, scríobh agus idirghníomhú cainte).

ABAIR: Cuireadh na cártaí ról-ghlacadh de chuid SFGM ar an gcárta seo chun an idirghníomhú cainte a chur chun cinn.

PLÉIGH: Tá an foclóir a bheadh de dhíth ar scoláire agus é/í i mbun comhrá nó plé sa rang, ar fáil leis. I lár, tá téarmaí bainteach leis an litríocht a mheas. Tá an litríocht mar chuid

lárnach de Shiollabas na hArdteistiméireachta agus Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí. Tá téarmaí litríochta leagtha amach i gcolúin daite ag tagairt do na dathanna ar na mataí gramadaí.

SCRÍOBH: Is féidir leis an scoláire leas a bhaint as téarmaí/foclóir eile atá ar chúl an chárta agus forbairt á dhéanamh ar an bhfoghlaim i bhfoirm scríbhneoireachta. Tá samplaí d'abairtí ar fáil don scoláire, ag taispeáint struchtúr abairte dó/di. Tá cnámharlach d'aiste sa chuid bhán. Bheadh seo úsáideach agus na scoláirí i mbun aiste a scríobh ag baint leas as fíricí nó abairtí úsáideacha a fheictear i léamhthuiscint.

Abair, Pléigh agus Scríobh le chéile!			
Rudaí a chur in ord	Cúis a léiriú	Comparáid agus Codarsnacht	Ráitis chun mo thuairimí a chur in iúl
mar thús/ ar dtús i dtús báire/ i dtosach báire ansin ina dhiaidh sin sa deireadh thiar thall mar fhocal scoir i ndeireadh na dála ar deireadh	mar sin sin an fáth ar an ábhar sin dá bhri sin toisc uaidh seo mar gheall air sin ionas go/sa chaol is go	mar a chéile Is ionann mar an gcéanna le cosúil le ar an gcuma chéanna difríocht idir difriúil óna chéile a mhalairt éagsúil óna chéile	<ul style="list-style-type: none"> Tá an cheist seo pléite agus athphléite againn/ag polaiteoirí, ag iriseoirí agus ag saineolaithe/ag an bpobal i gcoitinne. Is cosúil go bhfuil ag teip orainn, go dtí seo, teacht ar réiteach sásúil ar an scéal/bhfadhb seo. Ní gá dúinn ach éisteacht le ceannlínte na nuachta lá ar bith agus cloisfidimid tagairt éigin do X. Ábhar conspóideach is ea é gan amhras. Is mór an náire é scéal mar seo a bheith ag titim amach sa tríú mílaois. Is é mo thuairim ná go bhfuil meascán de chúiseanna leis an bhfadhb chasta seo. Anuas air sin, ní dóigh liom go bhfuil mórán á dhéanamh ag X. Ní féidir a shéanadh ach gur deacair fadhb mar seo a réiteach, ach ní mór dúinn rud éigin fiúntach a dhéanamh láithreach. Mar a luaigh mé cheana ní fadhb shimplí í agus dá bhri sin, ní bheidh réiteach simplí í gceist. Mar fhocal scoir/ I ndeireadh báire/ Ar deireadh thiar thall/ Agus deireadh ráite/i ndeireadh na dála/
Cathain/Cén uair?	Tuairim eile	Aontaím/Ní Aontaím/Nilim cinnte	Ceisteanna agus Freagraí - Díospóireacht ranga
nuair/nuair a fad a ó a luaithe agus ní túisce ná ar dtús roimh/roimhe sin tar éis/tar éis sin le déanaí/ar na mallaihb/le gairid idir an dá linn ar deireadh as seo amach amach anseo sa todhcaí go rialta go minic i gcónaí i dtólamh feasta go deo go brách riamh	thairis sin fosta freisin agus mar an gcéanna mar a chéile le cois ina theannta sin ar a bharr sin lena chois sin chomh maith leis sin in ainneoin sin ar fad dá bharr sin ciallóiann sin mar sin b'fhearr a rá anuas air sin chun tacú leis sin ceapaim silim is é mo bharúil ná/Is é mo thuairim ná	glacaim le tígem leat go hiomlán réitím le ámh in ainneoin sin in ionad sin diomalte de cé is moite de faoi mar seachas ní mór do cinnte dearfa ní ghlacaim le murcha sin taobh amuigh de sin ar an lámh eile os a choinne sin ina áit sin fós cé go fiú amháin ar aon chuma pé scéal é ach áfach mar sin féin ina dhiaidh sin féin bíodh sin mar atá seachas sin seans b'fheidir thiocfadh dó é sin ráite (Táim) amhrasach faoi	<p>Cad é do thuairim faoi? Cad a cheapann tú faoi? Cén fáth go ndeir tú sin? Cá bhfuil an fhianaise? Cé eile a aontaíonn leis seo? Conas a mhíneofa é? An dóigh leat go bhfuil cúis leis? Ar smaoinigh tú riamh ar..? An féidir leat sampla a thabhairt dom? An aontaíonn tú le..? An bhfuil réiteach agat ar..? Ar thug tú faoi deara go..?</p> <p>Is é mo thuairim faoi, ná Is éard a cheapann mé faoi ná... Deirim sin mar.. Tá an fhianaise anseo Aontaím leis seo Mhíneoinn mar seo é Is/ní dóigh liom go bhfuil cúis leis Smaoinigh mé/ níor smaoinigh mé Is/Ní féidir liom sampla a thabhairt duit Aontaím le... Tá/níl réiteach agam ar... Thug/níor thug</p>
Pointe ar leith a dhéanamh	Cúis a léiriú		
Maidir le I dtaca le Tagraim do De réir sin Is ionann sin is a rá "Séard atá mé ag rá ná Len é a chur ar bhealach eile Len é a chur i bhfocail eile	mar sin sin an fáth ar an ábhar sin dá bhri sin toisc uaidh seo mar gheall air sin ionas go/sa chaol is go		
			An? - Ní Ar? - Níor